Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2015
(OR. en)

8987/15

RECH 143
COMPET 230

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8562/15 RECH 104 COMPET 180 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar struchtúr comhairleach an Limistéir Eorpaigh Taighde<br>- Glacadh |

1. Ó tharla an t-athbhreithniú ar shainordú Choiste an Limistéir Eorpaigh Taighde agus Nuálaíochta (CLETN) in 2010, d'iarr an Chomhairle roinnt uaireanta go mbeadh struchtúr comhairleach níos éifeachtaí ar an Limistéar Eorpach Taighde (LET). Ina conclúidí maidir le Tuarascáil LET ar dhul chun cinn 2014 i mí na Nollag 2014, d’athdhearbhaigh an Chomhairle go dteastaíonn ó LET lánfheidhmiúil rialachas éifeachtach dea-struchtúrtha ina mbeadh ról níos fearr ag na Ballstáit ann agus, dá bhrí sin, iarradh ar CLETN athchóiriú ar rialachas a bhaineann le LET a phlé agus a mholadh faoi 2015.

2. Tar éis dhá chruinniú urghnácha de chuid CLETN i mí na Samhna 2014 agus i mí Eanáir 2015, mhol an Uachtaránacht dréacht-Chonclúidí ón gComhairle, ar dréacht-Chonclúidí iad a pléadh ag an Meitheal um Thaighde ag na cruinnithe a bhí aici an 16 Márta, an 14 agus an 27 Aibreán agus an 4 Bealtaine 2015.

3. Scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe na dréacht-chonclúidí sin ag an gcruinniú a bhí aige an 20 Bealtaine 2015, réitigh sé na saincheisteanna a bhí fós ann agus chomhaontaigh sé na dréacht-chonclúidí a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (Iomaíochas) an 28-29 Bealtaine 2015 le go nglacfar iad. Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta ag UK maidir leis an téacs, tar éis na dtoghchán náisiúnta is déanaí.

4. Iarrtar, dá bhrí sin, ar an gComhairle (Iomaíochas), ag a seisiún an 28-29 Bealtaine 2015, na conclúidí a ghlacadh mar a leagtar amach iad sa téacs atá i gceangal leis seo.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar struchtúr comhairleach an Limistéir Eorpaigh Taighde**[1]

Maidir le COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AG MEABHRÚ DI

– na Conclúidí uaithi maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET) a fhorbairt trí Ghrúpaí a bhaineann le LET, an 1 Meitheamh 2011[2], inar dheimhnigh sí arís gur gá comhordú neartaithe a bheith ann idir Coiste an Limistéir Eorpaigh Taighde agus Nuálaíochta (CLETN) agus na grúpaí a bhaineann le LET, agus inar cuireadh béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí gach feabhsú ábhartha sa chomhar seo a shaothrú i gcomhréir leis an toradh ar an gcomhairle ó CLETN[3] maidir leis an athbhreithniú ar ghrúpaí a bhaineann le LET;

– an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le comhpháirtíocht neartaithe LET don sármhaitheas agus don fhás, an 17 Iúil 2012[4], agus an fhreagairt ón gComhairle ina leith sin sna Conclúidí uaithi an 11 Nollaig 2012[5];

– a Rún maidir leis an obair chomhairleach le haghaidh an Limistéir Eorpaigh Taighde an 30 Bealtaine 2013[6], inar chomhaontaigh an Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar na stádais, ar na sainorduithe agus ar línte tuairiscithe na ngrúpaí sin a bhaineann le LET, atá bunaithe ag an gComhairle faoi dheireadh 2014 agus d'iarr sí ar an gCoimisiún agus ar CLETN a mheas an gá an t-athbhreithniú sin a dhéanamh i ndáil leis na grúpaí atá bunaithe acu;

– na Conclúidí uaithi maidir le tuarascáil LET 2014 ar dhul chun cinn[7] an 5 Nollaig 2014, inar iarr an Chomhairle ar CLETN athchóiriú ar rialachas a bhaineann le LET a phlé agus a mholadh faoi 2015;

---

[1] UK: forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta
[2] 11032/11
[3] ERAC 1206/11
[4] 12848/12
[5] 17649/12
[6] 10331/13
[7] 16599/14

1. MEABHRAÍONN SÍ gurb iad Coiste an Limistéir Eorpaigh Taighde agus Nuálaíochta (CLETN) agus roinnt grúpaí a bhaineann le LET a bhfuil an obair chomhairleach idir lámha acu faoi láthair, maidir le LET a fhorbairt agus a chur chun feidhme[8]; AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le struchtúr comhairleach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla maidir le LET a chur chun feidhme agus go mbeadh ról straitéiseach láidir ag na Ballstáit, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis na geallsealbhóirí ábhartha;

2. I ndáil leis sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE na Conclúidí Achomair ar an dá chruinniú urghnácha de chuid CLETN[9], chomh maith leis an ionchur ón nGrúpa Ardleibhéil um Chlársceidealú Comhpháirteach (GCP)[10] agus ón bhFóram Straitéiseach um Chomhar Idirnáisiúnta san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht[11]; AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá fós le tuilleadh oibre a dhéanamh chun struchtúr comhairleach níos fearr a bhaint amach;

3. AONTAÍONN SÍ, i bhfianaise a thábhachtaí atá an chomhairle i ndáil le beartais agus le cur chun feidhme i gcreat rialachas LET, go háirithe ó thaobh Treochlár LET a chur chun feidhme ar bhealach comhtháite, go mba cheart do CLETN, i gcomhar le grúpaí eile a bhaineann le LET, agus le tacaíocht uathu, tosaíochtaí uile LET a chumhdach, eadhon na nithe seo a leanas:

   – Tosaíocht 1: Córais náisiúnta taighde a bheadh níos éifeachtaí

   – Tosaíocht 2: An comhar agus an iomaíocht trasnáisiúnta is fearr is féidir

   – Tosaíocht 3: Margadh oscailte saothair do thaighdeoirí

   – Tosaíocht 4: Comhionannais inscne agus príomhshruthú inscne maidir le taighde

   – Tosaíocht 5: An chúrsaíocht is fearr is féidir, rochtain ar eolas eolaíoch agus aistriú an eolais eolaíoch

   – Tosaíocht 6: Comhar idirnáisiúnta;

---

[8] Áirítear ar na grúpaí a bhaineann le LET faoi láthair Coiste an Limistéir Eorpaigh Taighde agus Nuálaíochta, an Fóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagar Taighde (ESFRI), an Fóram Straitéiseach um Chomhar Idirnáisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta (FSCI), an Grúpa Ardleibhéil um Chlársceidealú Comhpháirteach, an Grúpa Heilsincí ar Inscne sa Taighde agus sa Nuáil (HG), Grúpa Stiúrtha Ghníomhaireacht Taighde na hEorpa um Acmhainní Daonna agus um an tSoghluaisteacht (SGHRM) agus Meitheal CLETN um Aistriú Eolais (KT). Tá an Fóram Digiteach LET agus grúpa na bpointí náisiúnta tagartha maidir le Rochtain Oscailte (NRP on OA) ag cuidiú freisin leis an Limistéar Eorpach Taighde a chur chun feidhme. Tá ról straitéiseach breise ag ESFRI seachas an ról a bhaineann le LET agus le treochlár LET, nach bhfuil faoi réir na gconclúidí seo.

[9] ERAC 1214/3/14 REV 3, ERAC 1202/1/15 REV 1

[10] ERAC-GPC 1302/1/15 REV 1

[11] ERAC-SFIC 1355/15

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach foláir athbhreithniú a dhéanamh ar na cuspóirí agus ar na sainorduithe atá ag CLETN agus ag na grúpaí eile a bhaineann le LET faoi láthair agus AONTAÍONN SÍ gur cheart sainorduithe a mheasúnú amach anseo nuair is gá, ach ar a laghad gach trí bliana, agus, i gcás inar gá, ba cheart iad a leasú nó a aisghairm le go léireofaí an dul chun cinn a dhéanfar maidir le tosaíochtaí LET a chur chun feidhme nó a thabhairt cothrom le dáta;

5. MEABHRAÍONN SÍ go gcuimsíonn timpeallacht beartas taighde agus nuála an Aontais roinnt struchtúr comhairleach lena soláthraítear ionchur agus saineolas agus GRÍOSAÍONN SÍ an Coimisiún fardal a dhéanamh chun na struchtúir sin a shainaithint agus chun béim a leagan ar aon fhorluí le CLETN agus leis na Grúpaí eile a bhaineann le LET a d'fhéadfadh bheith ann agus a mheasúnú a chur faoi bhráid CLETN faoin 30 Meitheamh 2015; SPREAGANN SÍ CLETN, le tacaíocht ón gCoimisiún, a sheacht ndícheall a dhéanamh chun dlúth-idirghníomhaíocht a bhaint amach le haon ghrúpa ábhartha maidir leis na gnéithe dá gcláir oibre a bhaineann le LET;

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb é tiomantas na mBallstát i gcomhar leis an gCoimisiún is mó a chabhróidh chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar infheictheacht CLETN agus a mhisean á chur i gcrích aige i ndáil le comhairle straitéiseach luathchéime a sheachadadh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit; AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go mbeadh ionadaíocht ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún i CLETN ar leibhéal iomchuí d'fhonn éifeachtacht agus tionchar an Choiste a áirithiú; AONTAÍONN SÍ gur cheart go mbeadh an Coimisiún agus ionadaí tofa ó na Ballstáit ina gcomhchathaoirligh ar CLETN;

7. SPREAGANN SÍ CLETN le bheith réamhghníomhach maidir le teacht ar cheisteanna beartais a d’fhéadfadh cur go héifeachtúil leis an ullmhúchán do dhíospóireachtaí beartais sa Chomhairle (Iomaíochas) agus leis an ullmhúchán don bheartas taighde agus nuála ag an gCoimisiún; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún obair i gcomhar le CLETN agus tionscnaimh nua straitéiseacha á n-ullmhú aige i réimse an taighde agus na nuála;

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE d'fhonn breisluach Eorpach a áirithiú agus LET a chur chun feidhme go héifeachtach, go bhfuil gá le cláir oibre chomhordaithe le haghaidh CLETN agus na nGrúpaí eile a bhaineann le LET;

9. AITHNÍONN SÍ an ról ar cheart a bheith ag CLETN lena áirithiú go ndéanfar comhordú idir é féin agus na Grúpaí eile a bhaineann le LET, go mbeidh comhleanúnachas ina gcuid clár oibre agus go gcuirfear a gcúraimí in ord tosaíochta d'fhonn fíor-shineirge, comhlántachtaí agus tionchar a bhaint amach; SPREAGANN SÍ na Grúpaí a bhaineann le LET ionchuir straitéiseacha a sholáthar in am trátha do CLETN maidir le saincheisteanna taighde agus nuála atá ábhartha chun a dtosaíochtaí sonracha LET faoi seach a fhorbairt; thairis sin IARRANN SÍ ar na Ballstáit comhar iomchuí a áirithiú idir na hionadaithe náisiúnta sna Grúpaí difriúla a bhaineann le LET agus leanúint orthu de chur chun feidhme LET ar an leibhéal náisiúnta a chomhordú agus leas á bhaint as na torthaí agus na haschuir éagsúla ó ghrúpaí difriúla a bhaineann le LET;

10. Sa chomhthéacs sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mba cheart do CLETN agus do na grúpaí eile a bhaineann le LET cláir, cláir oibre, gníomhaíochtaí agus táirgí insoláthartha dá gcuid féin a fhorbairt de réir a sainorduithe. Na gnéithe ábhartha de na dréachtchláir oibre, ba cheart iad a phlé i mBord Stiúrtha CLETN agus ba cheart na barúlacha ó Bhord Stiúrtha CLETN a chur san áireamh. Sula nglacfaidh gach grúpa na cláir oibre, cuirtear na cláir oibre i láthair CLETN chun comhleanúnachas foriomlán a áirithiú i measc na ngrúpaí a bhaineann le LET;

11. COMHAONTAÍONN SÍ gur cheart do Bhord Stiúrtha CLETN bheith freagrach as cruinnithe de chuid CLETN a ullmhú. Ba cheart gurb iad seo a leanas a bheadh ar an mBord Stiúrtha sin: Comhchathaoirligh CLETN, Cathaoirligh na nGrúpaí eile a bhaineann le LET, beirt chomhaltaí a toghadh as measc ionadaithe na mBallstát CLETN trí thromlach na gcomhaltaí ar feadh tréimhse dhá bhliain mar aon le hionadaithe na hUachtaránachta atá ann faoi láthair agus ionadaithe Uachtaránacht nua an Aontais;

12. IARRANN SÍ ar CLETN machnamh a dhéanamh ar na saincheisteanna seo a leanas atá fós gan réiteach:

- an struchtúr comhairleach a phríomhshruthú lena n-áirítear líon na ngrúpaí a bhaineann le LET, ar a sainorduithe agus ar a línte tuairiscithe;
- clásail chaighdeánacha a fhorbairt ar cheart dóibh bheith i sainorduithe na ngrúpaí go léir a bhaineann le LET;
- sásra chun grúpaí nua a bhaineann le LET a shainmhíniú agus coinníollacha d'fhonn stádas na ngrúpaí atá ann cheana féin a leasú;
- sainmhíniú ar ról agus ar fheidhmeanna na gComhchathaoirleach, bunaithe ar chomhpháirtíocht chothrom;
- dréacht-sainordú le haghaidh CLETN;
- dréacht-rialacha nós imeachta i gcomhair Bhord Stiúrtha CLETN;
- na tograí ó FSCI agus ó GCP maidir lena sainorduithe nua i bhfianaise na gclásal caighdeánach;

d'fhonn togra a ullmhú i ndáil le struchtúr comhairleach LET faoin 15 Deireadh Fómhair 2015 le haghaidh na Comhairle (Iomaíochas) i mí na Nollag 2015.